Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13197/22

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2022/0293(NLE)
2022/0294(NLE)
2022/0308(NLE)
2022/0309(NLE)
2022/0310(NLE)
2022/0313(NLE)

ECOFIN 964
UEM 242
FIN 1029

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Ábhar:	Tograí le haghaidh Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Chróit, don Chipir, do Phoblacht na Seice, don Ghréig, don Liotuáin agus don Phortaingéil chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19 - Glacadh

1. Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1] ('Rialachán SURE' anseo feasta) leagtar síos an creat lena gcuirfear ar chumas an Aontais cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach nó a bhfuil dianbhagairt orthu de bharr ráig COVID-19, go príomha maidir le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe agus, mar chuid choimhdeach, roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte a chosaint.

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1-7

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán SURE, táthar le cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún.

3. Deonaíodh tacaíocht shealadach don **Chróit** faoi Rialachán SURE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020; don **Chipir** le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1344 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 agus trí leasú a dhéanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/680 ón gComhairle an 23 Aibreán 2021; do **Phoblacht na Seice** le Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020; don **Ghréig** le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1346 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 agus trí leasú a dhéanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/679 ón gComhairle an 23 Aibreán 2021; don **Liotuáin** le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1350 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 agus trí leasú a dhéanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/678 ón gComhairle an 23 Aibreán 2021; don **Phortaingéil** le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020. Rinneadh liosta na mbeart náisiúnta atá incháilithe do mhaoiniú faoi Rialachán SURE sa Phortaingéil a leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/99 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022.

4. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón g**Chróit** an 25 Iúil 2022, ghlac an Coimisiún, an 20 Meán Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Cróite (12673/22).

5. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón g**Cipir** an 5 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún, an 28 Meán Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1344 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Cipire (12973/22).

6. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón t**Seicia** an 22 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún, an 3 Deireadh Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Seice (13003/22).

7. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón n**Gréig** an 1 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún, an 28 Meán Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1346 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE don Phoblacht Heilléanach (12966/22).

8. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón **Liotuáin** an 8 Lúnasa 2022, ghlac an Coimisiún, an 20 Meán Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1350 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Liotuáine (12676/22).

9. Tar éis iarraidh ar chúnamh airgeadais breise faoi Rialachán SURE a fháil ón b**Portaingéil** an 17 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún, an 28 Meán Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE do Phoblacht na Portaingéile (12964/22).

10. Rinneadh na tograí thuasluaite a scrúdú ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 11 Deireadh Fómhair 2022 agus rinne saineolaithe dlí agus teanga athbhreithniú orthu ina dhiaidh sin.

11. Is féidir a mheas anois go bhfuil an obair ullmhúcháin theicniúil críochnaithe, agus féadfar dréacht-téacsanna na gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle thuasluaite a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh go foirmiúil.

12. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 297(2) CFAE agus le hAirteagal 18(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go bhfuil na cinntí seo ón gComhairle, a luaithe a ghlacfar iad, le cur in iúl don Bhallstát a bhfuil siad dírithe chuige, ag Ardrúnaí na Comhairle nó ag Ard-Stiúrthóir atá ag gníomhú thar a cheann.

13. De bhun Airteagal 122(2) CFAE, ba cheart d'Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi na cinntí cur chun feidhme seo ón gComhairle.

14. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacsanna na dtograí thuasluaite chun cinntí cur chun feidhme ón gComhairle a leasú, a leagtar amach sna doiciméid a liostaítear thíos, arna n-athbhreithniú ag saineolaithe dlí agus teanga, agus a mholadh don Chomhairle iad a ghlacadh mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo:

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do **Phoblacht na Cróite** chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19	12701/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1344 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do **Phoblacht na Cipire** chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19	12974/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do **Phoblacht na Seice** chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19	13032/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1346 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don **Phoblacht Heilléanach** chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19	12968/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1350 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do **Phoblacht na Liotuáine** chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19	12702/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do **Phoblacht na Portaingéile** chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19	12967/22